

❖ An Lúibín ❖

28 Deireadh Fómhair 2019

Amhráin ealaíne i nGaeilge

Tháinig iontas ar an gceoltóir Dáirine Ní Mheadhra nuair a dúirt a fear céile John Hess, pianadóir agus acadóir in Ollscoil an Iarthair i gCeanada, gur ar éigean a bhí amhráin ealaíne le fáil i nGaeilge.¹

Tógadh Ní Mheadhra le Gaeilge i gCorcaigh. Chuaigh sí isteach i gCeolfhoireann Náisiúnta RTÉ mar dordveighleadóir nuair a bhí sí seacht mbliana déag d'aois agus tháinig suim aici i gceol comhaimseartha. D'aistrigh sí go dtí Ceanada in 1995, agus bhunaigh sí féin agus Hess compántas ceoldráma chomhaimseartha, Queen of Puddings Music Theatre.

Fuair sí amach agus í ag dul i gcomhar leis an gcumadóir Ana Sokolović go raibh sé deacair ag amhránaithe idirnáisiúnta amhráin a rá i nGaeilge agus gan treoir foghraíochta acu. Spreagadh í chun 'Tionscadal na nAmhrán Ealaíne Gaeilge' a chur ar bun dá bharr. Coimisiúnaíodh caoga amhrán ó dháréag cumadóirí Éireannacha agus ó chúigear cumadóirí idirnáisiúnta. Tá suíomh gréasáin ann a bhfuil scóir cheoil, taideadtaí amhrán agus taifeadtaí téacsanna labhartha le fáil ann: <https://www.cmc.ie/AmhrainEalaíneGaeilge>.

Cuireadh ceol le dánta leis na filí a leanas: Michael Hartnett, Doireann Ní Ghríofa, Caitríona Ní Chléirchín, Magnus Ó Domhnaill, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Myles na gCopaleen, Eoghan Ó Tuairisc, Máirtín Ó Direáin, Pearse Hutchinson, Cathal Ó Searcaigh, Colm Breathnach, Nuala Ní Chonchúir, Michael Davitt, Aifric Mac Aodha, Eibhlín Dubh Ní Chonaill agus Máthair Dhiarmaid Mhic Cárthaigh (caointe), Nuala Ní Dhomhnaill, Aimheirgin Glúingheal (Amergin Glúingel), Micheál Ó Cuaig agus Peadar Ó Doirnín. Tá dánta ann freisin nach fios cé chum iad.

Is iad na cumadóirí ceoil Jennifer Walshe, Oscar Strasnoy, Ana Sokolović, Garrett Sholdice, Shi Fuhong, Anna Pidgorna, Kevin O'Connell, Ailís Ní Riain, Jonathan Nangle, Ryan Molloy, John Kinsella, Andrew Hamilton, Deirdre Gribbin, Raymond Deane, Anne Cleare, Linda Buckley agus Ashkan Behzadi.

Is iomaí duine a éistean le ceol clasaiceach ach nach binn leo ceol comhaimseartha. Is fiú an iarracht a dhéanamh, agus is cinnte go mbeadh bearna in ardchultúr na Gaeilge gan na hamhráin seo. Cuimhnimis ar aidhmeanna Ní Mheadhra - 'caidreamh a spreagadh idir chumadóirí clasaiceacha agus filí Gaeilge, cur go suntasach le canóin na n-amhrán ealaíne Gaeilge, agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil chun go bhféadfadh amhránaithe in Éirinn agus mórthimpeall an domhain tabhairt faoi amhrán ealaíne i nGaeilge a chanadh'.



Stádas na Gaeilge san AE

Stádas teoranta a bhí ag an nGaeilge go dtí seo san Aontas Eorpach agus gan ach roinnt bheag cáipéisí á n-aistriú. Ach in 2015 cinneadh go dtabharfaí stádas iomlán don Ghaeilge faoi 2022. Tá an tAontas agus Rialtas na hÉireann ag iarraidh dul chun cinn a dhéanamh sna réimsí a leanas.

Aistriúchán go Gaeilge san Aontas: Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an méid cáipéisí atá á n-aistriú go Gaeilge. Aistríodh breis is a dhá oiread cáipéisí go Gaeilge ó 2016 go lár 2019 is a aistríodh roimhe sin agus baint acu le reachtaíocht, suíomhanna gréasáin agus ábhar polaitiúil, cumarsáide, comhairliúcháin agus tuarascála.

¹ <https://journalofmusic.com/news/composers-took-it-seriousness-and-respect-irish-language-was-extremely-encouraging-dairine-ni>

Earcaíocht: Is deacair i gcónaí a oiread aistritheoirí buana a earcú agus is gá, cé go bhfuil an tAontas sásta glacadh le haistritheoirí sealadacha. Idir deireadh 2015 agus lár 2019 tháinig méadú ó 58 go 102 ar líon na mball foirne atá ag cur seirbhísí teanga ar fáil i nGaeilge.

Conraitheoirí seachtracha: Chun cuidiú leis na foirne Gaeilge, rinne an tAontas ceithre ghlo ar thairiscintí chun seirbhísí saoraistriúcháin a sholáthar agus glo amháin ar thairiscintí i dtaobh seirbhísí profála.



Parlaimint na hEorpa sa Bhruiséil

Wikimedia Commons

Acmhainní Gaeilge: Tá an tAontas agus Rialtas na hÉireann ag dul i gcomhar le chéile chun cur le hacmhainní Gaeilge. Tá inneall meaisínáistriúcháin néaraigh nua Béarla-Gaeilge ann, agus méadaíodh ar an ábhar atá sa bhunachar téarmaolaíochta IATE agus in Euramis, banc cuimhní aistriúcháin idirinstiúideach. Tá tionscnamh ann ar cuspóir dó an leagan Gaeilge de chorpas dlí an Aontais a mhéadú agus 4,700 leathanach as 11,000 leathanach de phríomhdhlíthe aistrithe cheana.

Ní gá a rá gur beag an bhaint atá aige seo le gnáthchultúr na hÉireann. Tá aon fheisire dhéag de chuid na hÉireann i bParlaimint na hEorpa agus níl ach cúpla duine acu in ann Gaeilge a labhairt. Is ait an rud na haistritheoirí a bheith ar a ndícheall ag soláthar ábhair nuair nach féidir le formhór na bhfeisirí féin an t-ábhar sin a thuiscint. Léargas é seo ar dhébhríocht bhunúsach an tionscnaimh, ach is léir, ar a laghad, go bhfuil an tionscnamh céanna ag dul ar sochar don Ghaeilge, á saibhriú agus ag leathnú a réimse.

Féach https://ec.europa.eu/ireland/news/key-eu-policy-areas/the-irish-language-in-the-eu_ga.



Maisínáistriúchán néarach

Luadh thuas ‘an t-inneall meaisínáistriúcháin néaraigh nua Béarla-Gaeilge’.

Baineann maisínáistriúchán néarach feidhm as líonra saorga néarach chun a rá roimh ré cé chomh dealraitheach is atá sé go mbeidh seicheamh áirithe focal ann. Ní úsáideann sé ach cuid bheag den chuimhne a úsáideann maisínáistriúchán staitistiúil traidisiúnta.

Tá an córas traidisiúnta bunaithe ar fhrásaí agus baineann sé feidhm as a lán fo-chomhpháirteanna beaga atá scartha ó chéile. Níl maisínáistriúchán néarach an-difriúil leis seo ach braitheann sé ar líonraí móra néaracha amháin.

Tá na líonraí saorga seo cosúil, mórán, le líonraí néaracha bitheolaíochta san inchinn agus nóid idirnasctha iontu. Foghlaimíonn córas dá leithéid conas rudaí a dhéanamh trí aird a thabhairt ar shamplaí; níl rialacha ann, tríd is tríd, nach n-oireann ach do thascanna áirithe. Níl gá ag an gcóras le réamheolas: aithníonn sé airíonna de réir na samplaí atá á bpróiseáil aige. Rud ‘beo’ ar an dóigh sin é.



Foilsíodh leagan den alt seo ar An Lúibín ar an 29 Deireadh Fómhair 2012.

Guthanna dearmadtha

Teanga Ind-Eorpach is ea an Ghaeilge, ar nós na dteangacha Ceilteacha uile: baineann sí le hollfhine fhorleathan teangacha atá le fáil sa chuid is mó den Eoraip, san India agus sna tíortha máguaird, agus i gcuid den Mheán-Oirthear féin. (Agus sin gan trácht, ar ndóigh, ar iarchoilíneachtaí Eorpacha in áiteanna eile.) Ón 19ú haois i leith tá neart taighde á dhéanamh ar na teangacha sin agus ar an ‘Ind-Eorpais’ féin – teanga shinseartha (nó grúpa canúintí) a bhí á labhairt na mílte bliain ó shin. D’éirigh le teangeolaithe leagan den Ind-Eorpais a athchruthú trí chomparáid a dhéanamh idir na teangacha Ind-Eorpacha a bhfuil eolas againn orthu, idir shean agus nua, agus trí aird a thabhairt ar athrú stairiúil na foghraíochta mar a léirigh sanasaithe Gearmánacha agus eile é.

Is dócha anois gur ó na machairí Eoráiseacha a d’eascair an Ind-Eorpais agus baint aici le daonra measctha a thug a n-aghaidh siar beagán roimh 4000 RCh. Bhí teangacha eile roimpi amach a bhain le feirmeoirí luatha agus le sealgairí. Tá a lán focal sa Luath-Cheiltis ar deacair iad a lua le haon ghas Ind-Eorpach, agus a tháinig, is dócha, ó theangacha neamh-Ind-Eorpacha nach maireann. Tá liosta déanta de na focail sin ag an sanasaí Ranko Matasović (*Etymological Dictionary of Proto-Celtic*, Brill 2009). Mar a deir Matasović, is minic consain dhúbailte i bhfocail den bhunshraith neamh-Ind-Eorpach, agus ā sa ghas. Is minic freisin a bhíonn u sa ghas. Lena chois sin, dealraíonn sé nach raibh codarsnacht faid i ngutaí na Sean-Cheiltise, agus is annamh liopachogusaigh ann.² Seo cuid de na gcas athchruthaithe atá i gceist in éineacht leis na focail Ghaeilge a bhaineann leo:

banwo - banbh
bodyo – buí (Sean-Ghaeilge: *buide*)
bratto - brat
brokko – broc
butā – bothán
druko – droch
durno – dorn
gurmo – dorcha (gorm)
karbanto – carbad
kasninā - cainneann
klukā – cloch
knū – cnó
korkkyo – coirce
kritta – creat, cruth
krok(ke)no – craiceann
krundi – cruinn (Sean-Ghaeilge: *cruind*)
līro – lear (i.e. farraige). Deirtear fós ‘thar lear’. Féach freisin Manannán mac Lir (mac dhia na farraige).
lubī/ā – luibh
luxtu – lucht (i.e. dream), nó a bhfuil le fáil i rud
menādo – meana
metto – meath
mokku – muc
molto – molt
ninati - neanta (i.e. neantóga)
rem(ro) – ramhar
rendi – rinn (Sean-Ghaeilge: *rind*)
rūnā – rún
sēbro – deamhan, taise (saobh)
sladyo – buail, maraigh (slad)
slattā – slat
smēro – caor (sméar)

² Fuaimeanna a dhéantar leis na liopaí agus leis an gcoguas: mar shampla, *w*.

Cúpla focal faoin tSiria

Téann fadhb na Siria i bhfeidhm ar aon tír a ghlacann teifigh chuici, mar a dhéanann an Astráil. Tá cúpla rud le rá faoin scéal ag Mehmet Ozalp, acadóir sinseartha agus anailísí san Astráil.³ Is dócha go n-éireoidh le ceannaire na Tuirce, Recep Tayyip Erdoğan, agus a rialtas limistéar sábháilte a chur ar bun i dtuaisceart na Siria. Tá trí chúis leis an iarracht seo: is mian leis an rialtas na milliúin teifeach Siriach a athlonnú sa limistéar sin, rialtas Coirdíneach an réigiúin sin a threascart agus comhaontas a choinneáil leis an bpáirtí náisiúnach sa Tuirc (bhain an freasúra Istanbul den rialtas i dtoghcháin 2019 de thoradh cheist na dteifeach, mórán). Fágann sin go caithfidh an Tuirc fanacht i dtuaisceart na Tuirce go deireadh an chogaidh.

Rinne na Coirdínigh comhaontas le hUachtarán Assad na Siria i gcoinne na dTurcach, ach ní dócha go rachaidh an tSiria agus an Tuirc i ngleic le chéile, a bhuíochas sin ar idirghabháil na Rúise. Ba mhaith leis an Rúis Assad a choinneáil i gcumhacht chun cead isteach sa Mheánmhuir a fháil agus an Tuirc a mhealladh ó NATO. Ba mhaith le Assad na Coirdínigh a lagú (cé nach ndeachaigh siad i ngleic le chéile ó thús an chogaidh), rud a chuideadh leis smacht a fháil ar an tír go léir i ndeireadh na dála. Idir an dá linn, b'fhéidir go ndéanfadh na Coirdínigh fórsaí na Tuirce a ionsaí sa limistéar úd.

Sin tuairimí Mehmet Ozalp, agus is féidir cúpla smaoineamh a chur leis. Má éiríonn le Assad an tír a chur faoi smacht arís ní fhéadfaidh sé fanacht i réim gan leanúint air ag imirt chos ar bolg orthu siúd atá ina choinne (nó a shlúitear atá ina choinne). Beidh neart daoine fós ann a bhfuil cloch sa mhuinghille acu don rialtas agus a éireoidh amach arís ach deis a bheith acu chuige – cuid acu ina nIoslamaíthe, cuid eile ina ngnáthdhaoiné. Cuirfidh an eagla faobhar ar an gcós ar bolg. Tá Assad leagtha amach ar fhanacht sa diallaid ar ais nó ar éigean agus cairde aige i measc mhionlaigh na tíre, daoine a bhfuil cosaint uathu. Baineann sé féin leis an hAlabhaítigh, seict a bhfuil teagasc Ioslamaigh mar chuid dá gcreideamh agus arb iad 17% de dhaonra na Siria iad.

Beidh an tseanfhadhb ag na Coirdínigh – easpa tancanna agus gunnaí móra. Tá dídean acu i dtuaisceart na hIaráice, áit a bhfuil Cordastáin na hIaráice, réigiún féinrialaitheach, cé go bhfuil a lán faicsean ann de réir treibhe agus ceantair, rud a fhágann lorg ar chúrsaí polaitíochta. Tá Rojava, críoch dhaonlathach na gCoirdíneach i dtuaisceart na Siria, imithe le gaoth an chogaidh, ach d'fhéadfadh an Chordastáin dídean a thabhairt d'fhórsaí Coirdíneach agus iad ag ionsaí fhórsaí na Tuirce sa tSiria. Tá an Tuirc ag brath go mór ar mhílístí Ioslamaíocha nach mór idir a meon agus meon an Stáit Ioslamaigh. Admhaítear nach bhfuil deireadh curtha leis an dream úd ná baol air, agus beidh siad sásta buille a bhualadh pé áit ar cuí leo é tar éis dóibh a neart a athchrúinniú, fiú agus a gceannaire marbh.

É sin ráite, is annamh rath ar an réamhinsint, agus is furasta leis an saol na pleananna is glíce a chur ó chríoch. Ní stadfaidh tíortha eile dá ladar a chur isteach, bíodh Meiriceá ann nó as. Díreofar aird na meán ar scéalta eile, mar is gnách, ach ní thiocfaidh deireadh leis an gcrá i gcríocha úd an achrainn.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

³ Mehmet Ozalp, 'The Turkish ceasefire in Syria is over as Assad, Erdogan and Putin trade for power': [https://www.abc.net.au/news/2019-10-22/syria-ceasefire-is-over-this-is-likely-to-happen-now/11628306](https://www.abc.net.au/news/2019-10-22/syria-ceasefire-is-over-this-is-what-is-likely-to-happen-now/11628306)

